An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **M.64T**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

An páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 2 Bealtaine, 2002.

EALAÍN

# DEARADH

GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 9 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00

## Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

a) Ceadaítear úsáid a bhaint as pé ábhair ealaíne, bunábhair dearaidh agus uirlisí, is gá chun an scrúdú a chur i gcrích.

b) Scríobhtar an t-eolas seo a leanas ar gach bileog líníochta

* D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal atá i gceist.
* Uimhir na Ceiste agus an teideal.

c) Tabharfar clúdach Ealaíne duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas.

❖ Bileog amháin A2 le Sceitsí Ullmhúcháin. Is gá é a bheith sínithe agus dátaithe ag an Múinteoir Ealaíne/bPríomhoide.
❖ Bileog amháin A2 le Réamhsceitsí, agus é sin marcáilte.
❖ Dearadh Molta Deiridh amháin.

(1) Bileog amháin A2 le Sceitsí Ullmhúcháin 0 marc
Taca don chuimhne is ea é seo, obair atá déanta agatsa i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú, agus a thugann tú isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit. Is gá don Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide é a shíniú ag dearbhú gur leat féin amháin an obair. Is féidir roghnú a bheith anseo de do thuiscintí pearsanta féin agus na smaointe a ndearna tú taighde orthu, bunaithe ar an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis na sceitsí uile ag léiriú cén chaoi ar fhorbair tú na smaointe don obair dhearaidh. Bíodh do chuid oibre go léir ar thaobh amháin den bhileog.

(2) Bileog amháin A2 le Réamhsceitsí. 20 marc
Is gá an bhileog seo a líonadh le linn an scrúdaithe. Ní mór fianaise a bheith inti ar **fhorbairt bhunúsach bhreise** ar na bunsmaointe a bhí agat ar an mbileog ullmhúcháin. Ba chóir go gcuirfí san áireamh gach gné den dearadh 2D nó 3D a bheadh in oiriúint don cheist a roghnaigh tú. **Ní bhronnfar marcanna ar bith ar chóipeáil dhíreach ón mBileog Ullmhúcháin**. Bíodh do chuid oibre go léir ar thaobh amháin den bhileog A2.

(3) An Dearadh Molta Deiridh 80 marc
Is é seo an Dearadh Molta Deiridh agat agus cuirtear é i gcrích laistigh den am a bheidh ar fáil ar lá an scrúdaithe.

100 marc

**THALL →**

## SLIOCHT TUAIRISCIÚIL

Ina bhfuil pointí tosaithe

Bheartaigh Pádraig agus Séamas go raibh sé in am dóibh bailiúchán nua póstaer agus dlúthdhioscaí a fháil. Lá sa chathair a bhí uathu. Seans go rachaidís fiú chuig Taispeántas Picasso agus go bpiocfaidís suas roinnt póstaer mealltacha de na saothair a bhí ar taispeáint. Bhí suim faoi leith ag Séamas i bpóstaeir a raibh Grian, Farraige agus Gaineamh iontu, agus dá bhrí sin, bheadh sé ag díriú go háirithe ar na háisíneachtaí taistil.

D'éirigh an bheirt bhuachaillí go moch maidin Dé Sathairn. D'fhág Dee nóta dóibh ar an mbord ag iarraidh orthu catalóg do Thaispeántas Picasso a bhailiú di. Bhí nóta scríofa ar chúl chárta cuiridh chuig an Taispeántas a tháinig sa phost maidin inné. Ba chuimhin leis í á rá gur theastaigh an chatalóg uaithi dá Tionscnamh Idirbhliana.

Ar an slí isteach sa chathair dóibh, bhí na buachaillí ag magadh i dtaobh cuid de na póstaeir a chonaic siad sna scáthláin bus. Tháinig Séamas, agus dúil faoi leith aige sna teicstílí, ar dhearadh a bhí bunaithe ar chruthanna dearfacha agus diúltacha ag gluaiseacht. Bhí sé beartaithe aige an dearadh seo a úsáid chun stionsal a chur ar an síleáil sa seomra codlata aige mórthimpeall an tsolais. Rinne sé sceitse go tapa agus bhuail isteach slán ina phóca é.

Bheartaigh an bheirt ar a dturas siopadóireachta go dtabharfaidís cuairt ar áisíneachtaí taistil roimh lón. I siopa coirnéil, a bhí ag fógairt saoire san Afraic, thug Séamas taispeántas iontach nithe dathannacha faoi deara. Léirigh ruga uigeach álainn agus cuisín ar aon déanamh leis an ghrian ag dul faoi ar thírdhreach lom. Bheadh na dathanna teolaí seo go fíorálainn ina sheomra féin. Ba thrua gan na nithe seo a bheith ar díol, go háirithe an pota Afraiceach agus an maisiú tipiciúil dromchla air. Bhí na huirlisí cócaireachta féin ar mhúnla dealbhadóireachta sna cruthanna agus san uigeacht a bhí iontu. Gheall sé do féin go dtabharfadh sé turas ar an Afraic lá éigin amach anseo.

Ceapaire agus deoch bhog a bhí acu mar lón gasta. Casadh cara orthu sa Café a thug dhá saorphas dóibh i gcomhair dioscó an oíche sin. Bhí pictiúr ar an bpaschárta de dhá phuipéad ag rince le ceol "Pat the Builder". Bhí cuma mhaith ag teacht ar na deiseanna siamsaíochta don oíche, dar leo.

Bhí atmaisféar leictreach sa siopa dlúthdhioscaí. Bhí cruthanna agus dathanna ar bogadh go síoraí á gcruthú ag soilse daite. Bhí ceol ard ceannasach i réim. Bhraith na buachaillí ar a gcompord. D'iarr Pádraig ar an gcúntóir liosta suas chun dáta a thabhairt dó de na dlúthdhioscaí a bhí ar fáil. Dhírigh a shúil láithreach ar phóstaer mór "Pulp Fiction". Cheap sé go mbeadh sé an-oiriúnach ar bhalla a sheomra codlata ar aghaidh an dorais amach. Ní raibh sé chomh cinnte sin cad a cheapfadh a mháthair den scéal. Bhí cuma mhaith ar Samantha Mumba freisin, ach obair lae eile ba ea é sin. Thug an cúntóir ag an gcuntar amach rogha maith póstaer do na buachaillí ag fógairt imeachtaí a bhí beartaithe sa "Point".

Ar an tslí abhaile dóibh, chuimhnigh na buachaillí traochta ar Thaispeántas Picasso. Bhí siad buailte a ndóthain leis an tuirse ag dul isteach sa Dánlann dóibh. Tháinig ardú meanman láithreach orthu nuair a chonaic siad na saothair iontacha dhealbhadóireachta thar a bhfaca siad riamh, á dtaispeáint ann. Bhí cuid mhaith nithe a rinneadh as meáin mheasctha, agus comhdhéanamh uigeach iontu, nár samhlaíodh riamh cheana. Bhí an-áthas ar Shéamas go raibh na nithe seo ar taifead sa chatalóg. Bheadh a dheirfiúr thar a bheith sásta leis na léaráidí.

D'fhéach Pádraig ar a uaireadóir agus dúirt "is mithid dúinn imeacht má tá fúinn an baile a bhaint amach in am don tae". Agus iad ag triall ar an stáisiún, ghabh siad thar an Amharclann a bhí ag fógairt léiriú de "Dead Man's Tales". Luigh súil Shéamais ar chuid de na feistithe stáitse á dtabhairt isteach chuig cúl na hAmharclainne.

Agus iad ag taisteal abhaile, tuirseach ach sásta leo féin, bhí na buachaillí ag plé cén cineál feistithe stáitse a bheadh oiriúnach do théama chomh duairc sin. Phreab Pádraig de gheit nuair a leagadh lámh ar a ghualainn á rá leis go raibh sé in am aige dúiseacht.

***Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas, ag bunú do dhearadh ar théama a thagann chugat sa sliocht tuairisciúil thuas.***

**1.** **Litreoireacht agus Peannaireacht:**

Dear píosa peannaireachta bunaithe ar théama ar bith a thagann chugat sa sliocht tuairisciúil. Is féidir leat íomhánna agus móitífeanna maisithe a úsáid mar mhaisiú ar do fhreagra.

**2.** **Líonóilghearradh agus Priontáil:**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phrionta líonóile, bunaithe ar an téama "Pláinéad na Fuaime" nó ar théama ar bith eile a thagann chugat agus an sliocht tuairisciúil léite agat. Is féidir dearadh a dhéanamh a bheadh oiriúnach do phaschárta nó do chárta cuiridh.

**3.** **Fabraicphriontáil:**

Déan dearadh do bhrat balla bunaithe ar aon chuid den sliocht tuairisciúil nó ar cheann ar bith de na téamaí seo a leanas:

a) Rince Scáileanna b) Dul faoi na gréine san Afraic.

Is féidir do dhearadh a bheith oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthphriontáil, do stionsal nó do bhaitíc. Bain úsáid as trí dhath ar a laghad agus bíodh forchlónna san áireamh agat sa dearadh.

**4.** **Bróidnéireacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe sa sliocht tuairisciúil agus bunaigh dearadh air a oireann don bhróidnéireacht. Is féidir dearadh a dhéanamh do chlúdach cuisín, d'éadach boird nó do scaif. Tabhair sonraí dathanna. Úsáid dathanna don obair agus tabhair cuntas gairid ar na greamanna agus ar na teicnící atá le húsáid.

**5.** **Fíodóireacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith sa sliocht tuairisciúil agus dear teicstíl fíodóireachta atá oiriúnach d'fhabraic chuisín nó ruga. Lig don téama a roghnaigh tú sa sliocht tuairisciúil tionchar a bheith aige ar stíl na fíodóireachta, ar éagsúlacht na bpátrún agus ar theaglamaí an tsnátha agus na ndathanna. Tabhair cuntas gairid, más féidir, ar na teicnící fíodóireachta atá le húsáid.

**6.** **Criadóireacht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith sa sliocht tuairisciúil agus dear vása 20 cm ar airde. Is féidir leis an vása a bheith feidhmiúil nó maisiúil.

nó

Dear píosa dealbhóireachta ceirmí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann. Tabhair sonraí gonta na dteicnící atá le húsáid agus an píosa á dhéanamh, á ghlónrú agus á chríochnú.

**THALL →**

**7.** **Puipéadacht:**

Roghnaigh téama amháin díobh seo a leanas
a) An tEalaíontóir b)An Ceoltóir c) An Taibhse

nó

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith sa sliocht tuairisciúil. Déan puipéad a dhearadh bunaithe ar cheann de na téamaí thuas. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh cén chaoi a ndéanfar an puipéad a thógáil agus a chríochnú. Tabhair sonraí gonta maidir le hábhair, le dathanna, le maisiú agus le bailchríoch.

**8.** **Leabharcheardaíocht:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith sa sliocht tuairisciúil, agus dear fillteán chun an bailiúchán atá agat de chártaí saorphais a choimeád.

nó

Roghnaigh téama ar bith díobh seo a leanas:
a) Mo Bhailiúchán Ceoil b) Móramhráin na Nóchaidí.

**9.** **Dearadh Fógraíochta:**

Dear póstaer bunaithe ar phointe tosaithe ar bith sa sliocht tuairisciúil, nó bain úsáid as na téamaí seo a leanas:
a) Ceol do Chách b) Grian, Farraige agus Gaineamh c) Cruachás.
Bíodh do rogha litreoireachta agat, agus ná bíodh mórán ann di.

nó

Dear lógó (méid 20cm x 20cm) bunaithe ar phointe tosaithe sa sliocht tuairisciúil nó bain úsáid as na téamaí seo a leanas:
a) Taispeántas Picasso b) An Siopa Físeán c) An Amharclann

**10.** **Múnlóireacht agus Snoíodóireacht:**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phlaic nó do dhealbh 3D bunaithe ar smaoineamh sa sliocht tuairisciúil nó bain úsáid as na téamaí seo a leanas:
a) An Dánlann b) An Café c) An Club Oíche

Tabhair sonraí gonta i dtaobh na n-ábhar ar baineadh úsáid astu agus do phíosa múnlóireachta nó snoíodóireachta á dhearadh.

**11.** **Suímh Stáitse:**

Dear suíomh stáitse ar scála cuí a bheidh bunaithe ar dhráma, nó ar imeacht cheoil nó amharclainne, a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.

nó

Bain úsáid as téama amháin díobh seo a leanas:
a) An tAmhránaí b) An Taispeántóir c) An Reiligire

Dear cúlbhrat agus feistis a bheidh oiriúnach don téama agat. Luaigh sonraí gonta maidir le hábhair, dath agus soilsiú.